

Déanamh cinnte de go ndéanann muid beart de réir ár mbriathair

Ó bunaíodh in 1877 í, is é misean Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (NLI) ná cuimhne thaifeadta na hÉireann a bhailiú, a chosaint agus a chur ar fail agus aire á tabhairt do níos mó ná deich milliún earra lena n-áirítear leabhair, lámhscríbhinní, nuachtáin, grianghraif, priontaí, léarscáileanna, líníochtaí, ábhar gearrshaolach, ceol agus meáin dhigiteacha.

Forbraíodh an beartas atá leagtha amach sa cháipéis seo i gcomhairle le Coiste na Leabharlainne Náisiúnta ar Éagsúlacht agus Chuimsiú agus ar ghlac Bord na Leabharlainne Náisiúnta leis i Márta 2018. Tabharfaidh Stiúrthóir na Leabharlainne tuairisc do Bhord na Leabharlainne gach sé mhí ar an dul chun cinn a rinneadh i dtreo na ngníomhartha atá leagtha amach sa bheartas seo a bhaint amach. Tá an fad ama a mbeidh an beartas sin i bhfeidhm, agus a fhormaid agus a thuirisciú, ar aon dul le Straitéis an NLI 2016-21.



www.nli.ie

Foilsithe ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann
Cóipcheart Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

Iomhá chláraithe. Mionghné tinteáin. Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.



Leabharlann Náisiúnta na hÉireann Beartas Éagsúlachta agus Cuimsithe 2018-2021

“Insítear scéal na hÉireann sna bailiúcháin náisiúnta. Insítear scéal freisin faoin gcaoi a ndéanann muid na bailiúcháin sin a chur le chéile agus a léirmhíniú. Tá Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ag forbairt na mbailiúchán náisiúnta le níos mó ná 140 bliain agus tá athrú agus forbairt tagtha ar shochoaí na hÉireann le linn na tréimhse sin. Is mór an difríocht idir sochaí na hÉireann faoi láthair agus sochaí na hÉireann 50 bliain ó shin, ó thaobh norm sóisialta agus éagsúlachta.

“Tá an Leabharlann Náisiúnta tiomanta don chomhionannas i gcónaí. Cuireann muid fáilte roimh gach duine agus is de réir an traidisiúin sin a gcuireann muid dúshlán romhainn féin anois; is é sin le rá a dhéanamh cinnte de go léiríonn muid an t-athrú agus an éagsúlacht atá i gceist le bheith inár nÉireannaigh. Is í an chaoi a mbailíonn muid ábhair sa lá atá inniu ann a dhéanfaidh scéal na hÉireann a mhúnlú amach anseo. Bíonn tionchar ag an mbealach ina bpléann muid leis na bailiúcháin náisiúnta agus ina gcuireann muid i láthair iad ar an gcaoi a ndéanann daoine nasc lena gcultúr agus lena n-oidhreacht atá uathúil agus beo.

“Tá ról tábhachtach le glacadh ag Leabharlann Náisiúnta i gcuimhneamh ar an am atá thart agus maidir leis an am atá ann faoi láthair a ghabháil. Cabhróidh an beartas seo linn scéal níos éagsúlaí agus níos cuimsithí a chruthú d’Éirinn, ionas go gcuirfear le chéile guthanna nua agus go dtaispeánfar don domhan iad, agus muid ag déanamh cinnte go mothóidh gach duine go bhfuil fáilte rompu i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.”

An Dr Sandra Collins
Stiúrthóir, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann



Tá Straitéis Leabharlann Náisiúnta na hÉireann 2016 – 2021 ag croílár gach rud a dhéanann muid. Is í an fhís atá againn ná scéal na hÉireann a insint don domhan trínár gcuid bailiúchán uathúil. Is iad na luachanna atá againn ná a bheith fáilteach, cuidiúil, oscailteach, comhionann agus cuimsitheach.

Ó bunaíodh muid tá freagracht uathúil ar Leabharlann na hÉireann ó thaobh na hÉireann agus a muintire; is é sin taifead doiciméadach agus intleachta shaol na hÉireann a chaomhnú, a chur chun cinn agus a dhéanamh inrochtana, agus ag an am céanna cur leis an rochtain atá ag an domhan mór ar an eolas taifeadta.

Tá muid freagrach do gach duine, agus ciallaíonn sé sin nach mór dúinn féachaint chuige go léireofar éagsúlacht na hÉireann inár gcuid gníomhaíochtaí go léir agus go dtabharfar rochtain chomhionann orthu siúd do gach duine.

Tá an Leabharlann Náisiúnta tiomanta do chomhionannas deiseanna agus do rochtain chomhionann sa Leabharlann, is cuma faoi inscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéis, creideamh, aois, míchumas, cine, ballraíocht ar phobal an Lucht Taistil ná stádas socheacnamaíoch.

Tá muid freagrach as timpeallacht oibre a chruthú ina dtugtar meas ar dhifriochtaí agus ina leagtar luach ar gach duine – baill foirne, comhpháirtithe, soláthraithe, úsáideoirí agus cuairteoirí - mar dhaoine aonair.

Tá muid tiomanta do agus comhlíonann muid an reachtaíocht i leith comhionannais dár gcuid fostaithe agus cuairteoirí, lena n-áirítear na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998–2015, agus Alt 42 den Acht faoi Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014, ar a dtugtar freisin an Dualgas i leith Comhionannais agus Ceart Daonna.

Sa Bheartas Éagsúlachta agus Cuimsithe leagtar amach ár bplean gnímh faoi cholúin straitéiseacha na Leabharlainne Náisiúnta. Faoi bplean seo, cruthóidh muid scéal níos éagsúlaí agus níos cuimsithí d'Éirinn, ionas go gcuirfead le chéile guthanna nua agus go dtaispeánfar don domhan iad agus muid ag déanamh cinnte de go mothóidh gach duine go bhfuil fáilte rompu i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

1. Bailiú

Déanfaidh muid athbhreithniú ar ár mbeartas i leith bailiúchán ó thaobh éagsúlachta agus cuimsithe. Déanfaidh muid machnamh ar an méid a léiríonn ár gcuid bailiúchán Éire an lae inniu.

Déanfar an t-athbhreithniú sin ar ár gcuid bailiúchán i rith 2018. Tá muid ag súil, mar thoradh air, go mbeidh muid ag díriú ar áit bhailiúcháin nua amháin gach bliain.

2. Cosaint

I rith athfhorbairt phríomhfhoirgneamh NLI tiocfaidh muid ar bhealaí le rochtain fhisiceach agus infheictheacht a fheabhsú. Déanfaidh muid réitigh a chuimsiú i ndearadh nua an fhoirgnimh. Ina measc siúd beidh rochtain ardaitheora a thabhairt do gach urlár agus an dea-chleachtas a chur i bhfeidhm ar ár gcuid comharthaí.

3. Ceangal

Forbróidh muid seicliosta struchtúrtaíthe i rith 2018 chun a dhéanamh cinnte de go léireoidh ár gcuid clár agus taispeántas agus ár bplé leis an bpobal éagsúlacht inár gcuid oibre féin agus inár gcuid comhoibrithe. Déanfaidh muid cinnte de go mbeidh ábhair fhógraíochta agus bolscaireachta cuimsitheach agus neamh-idirdhealaitheach, agus déanfaidh muid suirbhé leathan ar pháirtithe leasmhara i 2019 ina rachfar i gcomhairle le pobail mhionlaigh agus le pobail éagsúla.



4. Nuáil

Baileoidh muid ábhair dhigiteacha, lena n-áireofar láithreáin ghréasáin agus ábhair dhigiteacha a bhaineann le hÉirinn agus a cruthaíodh in Éirinn ina léirítear gnéithe éagsúla de shaol na hÉireann.

Forbróidh muid agus foilseoidh muid beartas i leith bailithe dhigitigh i rith 2019.

Cuirfimid éagsúlacht agus cuimsiú san áireamh agus muid ag déanamh pleananna i gcomhair tionscadal mór um chatalógú agus dhigitíú.

5. Comhoibriú

Beidh muid ag lorg deiseanna comhoibritheacha chun ár dtionchar a leathnú, chun na bailiúcháin náisiúnta a scaipeadh chomh leathan agus is féidir agus chun a gcultúr agus a n-oidhreacht uathúil Éireannach a chur in iúl do lucht sprice nua. Oibreoidh muid le pobal na leabharlainne chun eiseamláirí éagsúla don leabharlannaíocht a chur chun cinn.

6. Cur i gCrích

Leanfaidh muid ar aghaidh lenár dtiomantas don reachtaíocht um chomhionannas do gach fostaí agus cuairteoir, lena n-áirítear na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998–2015, agus Alt 42 den Acht faoi Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus um Chomhionannas 2014. Beidh muid i gcónaí airdeallach inár gcuid próiseas earcaíochta agus ardaithe céime chun déanamh cinnte de go mbeidh cosc ar idirdhealú agus go gcuirfead fáilte roimh éagsúlacht.

Tá Cartlann Aerach na hÉireann sa NLI, arb í sin an chartlann is cuimsithí a bhaineann le stair LGBT in Éirinn.

I rith 2017, bhí méid na dtabhartas don NLI a bhain le fir níos mó ná tabhartais a bhain le mná ag cóimheas níos mó ná 5 go 1.

Fir ab ea na bainisteoirí sinsearacha go léir i rith na 100 bliain de stair an NLI - is mná 88% díobh inniu.

D'oibrigh an NLI as lámh a chéile le Comhairle Náisiúnta na hÉireann do na Daill (NCBI) agus leis an Áisíneacht Náisiúnta Lítearthachta d'Aosaigh (NALA) chun ár gcuid comharthaí agus ár léirmhínte a fheabhsú.